Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2009*

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé Céadaoin, 17 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Taispeántar sa sceitse balla ualachiompartha inmheánach a tógadh le bloic choincréite. Tá an balla 225 mm ar tiús agus tá plástar ar an dá thaobh de. Is urlár soladach inslithe coincréite é urlár na talún. Tá bailchríoch chrua-adhmaid 25 mm ar tiús ar an urlár agus tá an bhailchríoch feistithe le caolaigh.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an fhotha, an balla 225 mm agus urlár na talún. Taispeáin na sonraí tógála uile ó bhun an fhotha go pointe atá 500 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Cuir isteach ar do líníocht **ceithre** gnáth-thoise.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht, an t-insliú don leac urláir agus taispeáin go soiléir suíomh an bhacainn radóin.

*Nóta: Taispeáin leithead 500 mm den urlár ar an dá thaobh den bhalla inmheánach.*

**2.** Taispeánann na saigheada trí áit trína gcailltear teas i dteach cónaithe nach bhfuil inslithe go maith. Tá díon sclátaí ar an teach, is blocbhalla coincréite le cuas é an balla seachtrach agus is urlár soladach coincréite é urlár na talún.




**(a)** Roghnaigh **dhá** áit ar bith sa teach, bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfá na háiteanna a roghnaigh tú a insliú chun an cailleadh teasa a laghdú. Taispeáin an saghas inslithe ar do sceitsí agus tabhair gnáth-thiús an inslithe.

**(b)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le leibhéil an inslithe theirmigh a ardú i dteach cónaithe.

**3.** **(a)** Bain úsáid as ***léaráid aonlíneach le lipéid*** agus déan sceitse de chóras chun uisce fuar **agus** uisce te a sholáthar do dhoirteal cistine, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo.


Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- príomhphíobán ardaitheach
- umar stórála uisce
- sorcóir don uisce te
- píbobair don na sconnaí te agus fuar
- na comhlaí riachtanacha uile
- gnáth-thoisí na píboibre.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin modh amháin le cinntiú go gcoimeádfar an t-uisce sa sorcóir te chomh fada agus is féidir.

**4.** Bíonn drochthionchar ag diúscairt mhíchúramach fuíollábhair ar an timpeallacht. Taispeánann an sceitse a ghabhann leis seo réimse ilchineálach d'ábhar tógála ó láithreán tógála a cuireadh i scipe lena chaitheamh i láithreán líonta talún.




**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghuais timpeallachta a bhaineann leis an modh seo chun an fuíollábhar a dhiúscairt i láithreán líonta talún.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus mol **dhá** mhodh eile chun an fuíollábhar a dhiúscairt ar shlí nach ndéanfadh dochar don timpeallacht.

**(c)** Tabhair sampla **amháin** de conas is féidir adhmad a athúsáid ar láithreán tógála agus mínigh conas a cabhraíonn seo leis an bhfuíollábhar a laghdú ar an láithreán.

**5.** An díon atá ar theach cónaithe, is díon traidisiúnta gearrtha é agus tá claonadh 45 céim ann, mar a thaispeántar sa sceitse. Tá an díon inslithe agus tá sé clúdaithe le tíleanna coincréite atá ar iompar ar rachtaí 200 mm × 50 mm.




Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an gcuid den díon ag an mullach, mar a thaispeántar taobh istigh den chiorcal sa sceitse. Taispeáin na sonraí tógála go léir ó bharr an mhullaigh go pointe atá 150 mm faoi bhun an choiléir cheangail agus taispeáin trí chúrsa tíleanna ag an mullach. Cuir lipéad ar na comhpháirteanna den díon agus tabhair a gnáth-thoisí.

**6.** **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta nach mór cloí leo i ngach ceann de na suímh seo a leanas agus tabhair fáth **amháin** le **gach** réamhchúram a liostaítear:

- coincréit réamh-mheasctha a dhoirteadh i dtrinse fotha
- lindéar réamhstrusta a ghearradh.

**(b)** D'fhéadfadh oibrithe a bheith i mbaol agus iad ag cur sclátaí ar dhíon claonta. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar chóir cloí leo agus duine ag cur sclátaí ar dhíon dá leithéid.

**7.** **(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a bhailítear agus conas a ligtear go talamh uisce fearthainne de dhíon claonta ar theach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo. Cuir lipéad ar na comhpháirteanna agus tabhair a gnáth-thoisí.




**(b)** Chun uisce a chaomhnú, moltar uisce fearthainne a stóráil le haghaidh úsáid. Mol **dhá** úsáid oiriúnacha don uisce fearthainne a stóráiltear.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- leathalt crosach
- croí-adhmad
- droichead teirmeach/fuar
- gloiniú dúbailte
- píobán truflaise
- imchásáil
- bacainn radóin.

**9.** Taispeánann an sceitse a ghabhann leis seo sconsa agus an geata isteach i ngairdín tosaigh tí.

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis timpeallachta a bhfuil an t-adhmad ar an rogha ábhar is fearr don sconsa agus don gheata.



**(b)** Roghnaigh adhmad dúchasach cuí don sconsa agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(c)** Mol bailchríoch fheidhmithe chuí chun an sconsa adhmaid a chosaint ón aimsir. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist leis an mbailchríoch a chur ar an sconsa.

**Leathanach Bán**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*


***Scrúdú Ardteistiméireachta 2009***
***Leaving Certificate Examination 2009***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Adhmadóireacht -Triail Phraiticiúil*


# *Construction Studies*
## *Woodwork - Practical Test*

*(150 marc/marks)*


# Music Stand / Seastán Ceoil





Elevation/Aghaidhchló





End View/Taobhchló





Plan/Bonnchló



Shaping of edge is left to the candidate

Fágtar faoin iarrthóir an chorr a chríochnú go cuí

***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.

***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the
**Superintendent** at the end of the examination

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don
**Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe